# Cuntas Leithreasa 2024

## Vóta 5

## Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 5, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an ArdReachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2024, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €731,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo iad an Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

## Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh I bhfeidhm na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntas leithreasa a chur i dtoll a chéile atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe agus an cuntas á ullmhú. Áirítear orthu sin cur i bhfeidhm roinnt Caighdeán Cuntasaíochta Rialtais Láir (CGAS) a tugadh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024, seachas na nithe seo a leanas.

***Costais ghinearálta fhabhraithe***

Ríomhtar costais fhabhraithe dlí ginearálta ag úsáid ceann de na critéir seo a leanas.

- Maidir le costais a bronnadh, a comhaontaíodh agus a socraíodh roimh 28 Feabhra na bliana dár gcionn, fabhraítear iad ag an méid ar socraíodh iad.
- Maidir le costais a bronnadh ach nár socraíodh iad faoin 28 Feabhra, fabhraítear iad bunaithe ar mheastachán a chuireann san áireamh castacht na n-imeachtaí, an bille costas a cuireadh isteach agus an taithí atá againn ar shocraíochtaí go dtí seo.

***Táillí abhcóide fabhraithe***

Cuimsíonn táillí fabhraithe ar chostais abhcóide foráil ghinearálta d'éisteachtaí nár tuairiscíodh don Oifig laistigh de dhá mhí ó dheireadh na bliana. Tá an ríomh bunaithe ar mheánleibhéal na dtáillí sin a tháinig chun cinn sna trí bliana roimhe sin.

***Sócmhainní doláimhsithe***

Déantar díluacháil réadmhaoine, fearais agus trealaimh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú i gcomhréir le CGAS 17 Réadmhaoin, Fearas, agus Trealamh agus CGAS 31 Sócmhainní Doláimhsithe faoi seach.

Seo a leanas saolréanna úsáideacha agus rátaí gaolmhara na bpríomhaicmí sócmhainní caipitil.

| *Aicme na Sócmhainne* | *Saol fóinteach* | *Ráta amúchta* |
|---|---|---|
| Ceadúnais bogearraí | 5 bliana | 20% |
| Trealamh oifige agus TF | 5 bliana | 20% |
| Troscán agus feistis | 10 mbliana | 10% |

## Ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

### *Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais*

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Oifigeach Cuntasaíochta.

Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is ar bhonn leanúnach a choinnítear caoi ar chóras na rialuithe inmheánacha airgeadais agus bíonn a éifeachtacht faoi athbhreithniú gcónaí.

### *Seirbhísí comhroinnte*

Chomhlíon mé mo dhualgais i leith cheanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse a bhí ann idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dhearbhaithe a fháil ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm I dtaobh seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

### *Timpeallacht rialaithe airgeadais*

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na nithe seo a leanas ina gcuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ag ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta i gcomhair na bpríomhphróiseas gnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

### *Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta*

Tá creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta I bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe cuí ann faoina n-ullmhaítear buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta.
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán.
- Tá córas bainistíochta rioscaí i bhfeidhm taobh istigh den Oifig.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil ann chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agamsa. Mar bhonn eolais faoina hobair tá anailís ar na rioscaí airgeadais, dá bhfuil an Oifig nochta, agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, a bhíonn ceadaithe agam féin agus ag an gCoiste Iniúchóireachta, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na rialuithe buntábhachtacha a chuimsiú ar bhonn leanúnach i gcaitheamh tréimhse réasúnach. Déanaimse agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí..

***Soláthar***

Deimhním go gcinntíonn an Oifig go gcloítear leis an dea-chleachtas cuí maidir le soláthar agus dámhachtain na gconarthaí uile agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile..

Chuir an Oifig sonraí ar fáil maidir le ceithre chonradh neamhiomaíocha sa bhreis ar €25,000 sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe.

***Creat rioscaí agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta rioscaí curtha i bhfeidhm ag an Oifig lena sonraítear agus lena dtuairiscítear rioscaí buntábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí don Oifig agus tá siad seo sainaitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár dhá uair sa bhliain. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Sa chlár rioscaí, tugtar mionsonraí faoi na rialuithe agus faoi na gníomhartha a bhíonn riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht ann do bhaill foirne shonracha as rialuithe a fheidhmiú.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhartha ceartúcháin a dhéanamh agus don lucht bainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, i gcás inar iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh rioscaí buntábhachtacha agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na rialuithe buntábhachtacha sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bhainistiú agus rialú rioscaí. Déanann an Oifig monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, agus bíonn an obair seo treoraithe ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Oifig a bhíonn freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laige sa rialú inmheánach airgeadais maidir le 2024 ba ghá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**Marion Berry**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

11 Meitheamh 2025

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

### Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

13 Meitheamh 2025

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta*

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

### *Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste*

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

**Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)**

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúchóireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

***Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais***

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

***Tuairisciú ar ábhair eile***

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

## Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

### Cuntas Leithreasa 2024

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar Meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas ar chláir** | | | | | |
| A | Soláthar seirbhís ionchúisimh | | | | |
| | *Bunaidh* | 62,149 | | | |
| | *Forlíontach* | 4,845 | | | |
| | | | 66,994 | 66,237 | 59,445 |
| **Ollchaiteachas** | | | **66,994** | **66,237** | **59,445** |
| *Asbhain* | | | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| | *Bunaidh* | 870 | | | |
| | *Forlíontach* | 178 | | | |
| | | | **1,048** | **1,022** | **899** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 61,279 | | | |
| | *Forlíontach* | 4,667 | | | |
| | | | **65,946** | **65,215** | **58,546** |

**Farasbarr**

Dlitear farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime a cuireadh i bhfeidhm, a ghéilleadh don Státchiste.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Farasbarr le géilleadh** | **731,447** | **1,271,848** |

**Marion Berry**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

11 Meitheamh 2025

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2024

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | 38,605 | 35,544 |
| Pá | | 23,569 | 20,484 |
| Neamhphá | | 4,063 | 3,417 |
| **Ollchaiteachas** | | **66,237** | **59,445** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,022** | **899** |
| **Glanchaiteachas** | | **65,215** | **58,546** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Réadmhaoin, fearas agus trealamh (Nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | (239) | | |
| Dímheas | 101 | | |
| | | (138) | (37) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar réamhíocaíochtaí | 73 | | |
| Méadú ar chostais fhabhraithe | 616 | | |
| | | 689 | 229 |
| **Caiteachas díreach** | | **65,766** | **58,738** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 3,636 | 3,042 |
| Measchíosanna | | 2,025 | 2,025 |
| **Glanchostas an chláir** | | **71,427** | **63,805** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 5 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2024 €000 | 2023 €000 |
|---|---|---|---|
| Vóta 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 2,669 | 2,201 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 682 | 573 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 26 | 26 |
| Vóta 20 | Garda Síochána | 259 | 242 |
| | | **3,636** | **3,042** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais mar a bhí 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Réadmhaoin, fearas agus trealamh | 2.1 | 304 | 166 |
| | | **304** | **166** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 650 | 886 |
| Fardail | 2.4 | 64 | 64 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.5 | 212 | 285 |
| Méideanna dochair eile | 2.6 | 848 | 496 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.9 | 22 | — |
| | | **1,796** | **1,731** |
| *Lúide* | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.7 | 4,058 | 3,442 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.8 | 1,520 | 1,363 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.9 | — | 19 |
| | | **5,578** | **4,824** |
| **Glandliteanais reatha** | | **(3,782)** | **(3,093)** |
| **Glandliteanais** | | **(3,478)** | **(2,927)** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.10 | **(3,478)** | **(2,927)** |

## 2.1 Réadmhaoin, fearas agus trealamh

| | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Costas nó luacháil** | | | |
| An 1 Eanáir 2024 | 420 | 10 | 430 |
| Breiseanna | 239 | — | 239 |
| Diúscairtí | (64) | — | (64) |
| Ar an 31 Nollaig 2024 | 595 | 10 | 605 |
| | | | |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2024 | 254 | 10 | 264 |
| Dímheas don bhliain | 101 | — | 101 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (64) | — | (64) |
| Ar an 31 Nollaig 2024 | 291 | 10 | 301 |
| | | | |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Ar an 31 Nollaig 2024** | **304** | **—** | **304** |
| Ar an 31 Nollaig 2023 | 166 | — | 166 |

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh | Iomlán |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Costas nó luacháil** | | |
| Ar an 1 Eanáir 2024 | 2,219 | 2,219 |
| Breiseanna | — | — |
| Ar an 31 Nollaig 2024 | 2,219 | 2,219 |
| | | |
| **Amúchadh carntha** | | |
| Ar an 1 Eanáir 2024 | 2,219 | 2,219 |
| Amúchadh don bhliain | — | — |
| Ar an 31 Nollaig 2024 | 2,219 | 2,219 |
| | | |
| **Glansócmhainní** | | |
| **Ar an 31 Nollaig 2024** | **—** | **—** |
| Ar an 31 Nollaig 2024 | — | — |

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| Ar an 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 640 | 879 |
| Iarmhéideanna i gcuntais bhainc eile | 10 | 7 |
| | **650** | **886** |

## 2.4 Fardail

| Ar an 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Ábhar inchaite TF | 64 | 64 |
| | **64** | **64** |

## 2.5 Réamhíocaíochtaí

| Ar an 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Bogearraí agus cothabháil eile | 140 | 206 |
| Seirbhísí faisnéise | 65 | 72 |
| Taisteal agus cothú | 7 | 7 |
| | **212** | **285** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| ar an 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Suim in-fhorchúitithe i ndáil leis an scéim pas taistil | 26 | 16 |
| Iarmhéideanna dochair eile á gcoinneáil ar fionraí | 822 | 480 |
| | **848** | **496** |

## 2.7 Speansais fhabhraithe

| Ar an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Táillí abhcóide | 2,431 | 2,196 |
| Costais dlí ghinearálta | 795 | 911 |
| Fabhruithe a bhaineann le párolla (nóta 2.13) | 561 | — |
| Costais Eile | 271 | 335 |
| | **4,058** | **3,442** |

## 2.8 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| Ar an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 629 | 573 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 268 | 232 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 464 | 394 |
| Cáin bhreisluacha | 27 | 17 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 1 | 1 |
| Muirear sóisialta uilíoch | 131 | 120 |
| | 1,520 | 1,337 |
| Asbhaintí párolla agus míreanna creidmheasa eile atá á gcoinneáil ar fionraí | — | 26 |
| | **1,520** | **1,363** |

## 2.9 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| Ar an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 731 | 1,272 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (753) | (1,253) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **(22)** | **19** |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 650 | 886 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 848 | 496 |
| | 1,498 | 1,382 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,520) | (1,337) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | — | (26) |
| | (1,520) | (1,363) |
| | **(22)** | **19** |

## 2.10 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | | | (2,927) | (2,735) |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin Cuntas | Cuntas | 65,946 | | |
| Farasbarr le géilleadh Cuntas | Cuntas | (731) | | |
| Vóta glan | | | 65,215 | 58,546 |
| Caiteachas a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 3,636 | 3,042 |
| Míreanna neamhairgid: Measchíosanna | 1 | | 2,025 | 2,025 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (71,427) | (63,805) |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig** | | | **(3,478)** | **(2,927)** |

## 2.11 Ceangaltais

| Ar an 31 Nollaig | 2024 €000 | 2023 €000 |
|---|---|---|
| Soláthar earraí agus seirbhísí | **291** | **91** |

Chomh maith leis an méid thuas, bhí ceangaltais ar an Oifig maidir le táillí dlíthiúla ag deireadh na bliana ach tá sé deacair luach na gceangaltas sin a mheas go cruinn mar gheall ar neamhchinnteachtaí a bhaineann leo agus stádas na gcásanna.

## 2.12 Dliteantais aibithe

| Ar an 31 Nollaig | 2024 €000 | 2023 €000 |
|---|---|---|
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nár glanadh ag deireadh na bliana | **75** | **53** |

## 2.13 Tionchar athruithe ar bheartas cuntasaíochta in 2024

Cuireadh naoi gcaighdeán cuntasaíochta nua rialtais láir (CGAS) i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2024. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur i bhfeidhm ar iarmhéid maoinithe an Stáit.

| | 2024 €000 |
|---|---|
| Carnadh párolla [a] | (150) |
| Carnadh pá saoire [a] | (411) |
| | **(561)** |

Nóta [a] CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos san áireamh i gClár A, chun costaisí iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar Meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| I | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | |
| | *Bunaidh* | 26,118 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,860) | | | |
| | | | 24,258 | 23,569 | 20,484 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | | |
| | *Bunaidh* | 305 | | | |
| | *Forlíontach* | 50 | | | |
| | | | 355 | 383 | 315 |
| iii | Oiliúint agus forbairt | | 260 | 303 | 225 |
| iv | Seirbhísí oibríochtúla, soláthairtí agus fearas éagsúil | | 926 | 781 | 752 |
| v | Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus costais TF | | | | |
| | *Bunaidh* | 786 | | | |
| | *Forlíontach* | 410 | | | |
| | | | 1,196 | 1,341 | 823 |
| vi | Speansais áitribh oifige | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,085 | | | |
| | *Forlíontach* | 325 | | | |
| | | | 1,410 | 1,168 | 1,207 |
| vii | Athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairleoireachta agus taighde | | 75 | 87 | 95 |
| | | | **28,480** | **27,632** | **23,901** |

**Athruithe suntasacha**

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le hathruithe suntasacha ar chaiteachas cláir (+/- 25% agus €100,000).

**v Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus costais TF**

*Soláthar meastachán bunaidh €786,000; toradh €1.341 milliún*

Eascraíonn an róchaiteachas as obair chun ár mbonneagar TF a uasghrádú. Bhí cuid den chaiteachas seo sceidealaithe ar dtús do 2023.

## Clár A Soláthar Seirbhíse Ionchúisimh

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar Meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | | | |
| | *Bunaidh* | 26,118 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,860) | | | |
| | | | 24,258 | 23,569 | 20,484 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | | |
| | *Bunaidh* | 3,437 | | | |
| | *Forlíontach* | 785 | | | |
| | | | 4,222 | 4,063 | 3,417 |
| A.3 | Táillí abhcóide | | | | |
| | *Bunaidh* | 21,528 | | | |
| | *Forlíontach* | 5,520 | | | |
| | | | 27,048 | 27,363 | 24,115 |
| A.4 | Costais dlí ghinearálta | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,446 | | | |
| | *Forlíontach* | 400 | | | |
| | | | 1,846 | 1,592 | 1,913 |
| A.5 | Seirbhís aturnaetha stáit áitiúla | | 9,620 | 9,650 | 9,516 |
| | | | **66,994** | **66,237** | **59,445** |

**Athruithe suntasacha**

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le hathruithe suntasacha ar chaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000).

**A.3 Táillí d'abhcóidí**

*Soláthar meastachán bunaidh €21.528 milliún; toradh €27.363 milliún*

Tharla an méadú ar chaiteachas de €5.825 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh mar gheall ar an líon méadaithe cásanna atá liostaithe le héisteacht ag na cúirteanna tar éis níos mó breithiúna a cheapadh agus méadú 8% ar rátaí na dtáillí a íoctar le habhcóidí a ionchúisíonn na cásanna seo

**A.4 Costais dlí ghinearálta**

*Soláthar meastachán bunaidh €1.446 milliún; toradh €1.592 milliún*

Tharla an méadú €146,000 ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastachán bunaidh mar gheall ar mhéadú ar líon na ndámhachtainí costais a íocadh in 2024. Is féidir é seo a chur i leith an mhéadaithe ghinearálta ar leibhéil ghníomhaíochta cúirte.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Leithreasaí-i-gcabhair | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 19 | | | |
| | | *Forlíontach* | 18 | | | |
| | | | | 37 | 67 | 30 |
| 2 | Fáltais ó asbhaintí aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 850 | | | |
| | | *Forlíontach* | 160 | | | |
| | | | | 1,010 | 955 | 867 |
| 3 | Ilghnéitheach | | | 1 | — | 2 |
| | | | | **1,048** | **1,022** | **899** |

**Athruithe suntasacha**

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le hathruithe suntasacha ar chaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000).

**2 Fáltais ó asbhaintí aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Soláthar meastachán bunaidh €850,000; réadaithe €955,000*

Tharla an méadú ar chaiteachas de €105,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bhunaidh mar gheall ar an méadú ar thuarastail agus ar phá ar an mbliain roimhe sin.

### 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | — | — |
| Fáltais faoi Ailt 4 agus 61 den Acht um Cheartas Coiriúil 1994 | — | 1,221 |
| Aistrithe go dtí an Státchiste | — | (1,221) |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig** | **—** | **—** |

## Nóta 5 Soláthar Foirne & Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhFostaithe

| Coibhéisí Lánaimseartha | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **277** | **263** |

### 5.2 Pá

| | 2024 €000 | 2023 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 21,262 | 18,520 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 216 | 180 |
| Ragobair | 11 | 7 |
| ÁSPC an Fhostóra | 2,080 | 1,777 |
| **Pá iomlán** | **23,569** | **20,484** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair ab airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2024 € | 2023 € |
| Liúntais le haghaidh arddualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 26 | 7 | 61,735 | 32,399 |
| Ragobair | 14 | — | 1,854 | 2,533 |
| Luach saothair breise I níos mó ná aon chatagóir amháin | 3 | — | 5,955 | 3,884 |

## 5.4 Foireann oifige de réir banda pá

Tugtar anseo thíos líon fhostaithe ne hOifige a raibh a sochair fostaithe iomlána (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan ÁSPC an fhostóra, costais phinsin an fhostóra san áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,000 agus laistigh de gach banda de €10,000 ó €60,000 suas mar a leanas.

| Banna Pá (€) | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2024** | **2023** |
| 20,000 | 59,999 | 116 | 122 |
| 60,000 | 69,999 | 23 | 17 |
| 70,000 | 79,999 | 16 | 30 |
| 80,000 | 89,999 | 27 | 26 |
| 90,000 | 99,999 | 31 | — |
| 100,000 | 109,999 | 28 | 19 |
| 110,000 | 119,999 | 14 | 9 |
| 120,000 | 129,999 | 7 | 15 |
| 130,000 | 139,999 | 8 | 4 |
| 140,000 | 149,999 | 3 | — |
| 150,000 | 159,999 | — | 1 |
| 160,000 | 169,999 | 1 | 1 |
| 170,000 | 179,999 | — | 4 |
| 180,000 | 189,999 | 4 | 1 |
| 190,000 | 199,999 | 2 | — |
| 200,000 | 209,999 | — | 1 |
| 210,000 | 219,999 | — | — |
| 220,000 | 229,999 | — | — |
| 230,000 | 239,999 | — | 1 |
| 240,000 | 249,999 | — | — |
| 250,000 | 259,999 | 1 | — |

### 5.5 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Chuntasaíochta

Seo a leanas luach saothair agus sochair inchánach an Oifigigh Chuntasaíochta don bhliain airgeadais.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Bunphá[a] | 198,696 | 202,116 |
| | **198,696** | **202,116** |

Nóta [a] Ceapadh an tOifigeach Cuntasaíochta an 1 Nollaig 2022 agus fuair sí a céad íocaíocht párolla i mí Eanáir 2023.

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse áirithe thuas. Is ball de scéimeanna aoisliúntais do státseirbhísigh bhunaithe í an Oifigeach Cuntasaíochta agus ní théann a dteidlíochtaí chuige sin thar ghnáth-théarmaí na scéime ábhartha.

### 5.6 Socruithe luacha saothair eile

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de €382,578 (2023: €246,265) I leith beirt oifigeach a bhí ag fónamh taobh amuigh den Oifig sa bhliain 2024 agus ar íoc an Oifig a dtuarastal.

### 5.7 Ró-íocaíochtaí párolla

| Ar an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2024 € | 2023 € |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 11 | 37,325 | 16,668 |
| Pleananna aisghabhála I bhfeidhm | 9 | 30,644 | 8,824 |